C/2025/512

22.1.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11795 – YUNEX / VVP / ASCENDI / TRIANGLE JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/512)

1. An 14 Eanáir 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Yunex GmbH ('Yunex', an Ghearmáin), atá faoi rialú Edizione S.A. (an Iodáil),

— Via Verde Portugal – Gestão de Sistemas Electrónicos de Cobrança, S.A. ('VVP', an Phortaingéil), atá faoi rialú Brisa-Autoestradas de Portugal ('Brisa', an Phortaingéil) agus Ascendi O&M, S.A. ('Ascendi', an Phortaingéil), agus,

— Ascendi (an Phortaingéil), atá mar chuid de Ardian Group ('Ardian', an Fhrainc).

Gheobhaidh Yunex, VVP agus Ascendi comhrialú ar chuideachta nuachruthaithe, Triangle JV (an Ísiltír), ar comhfhiontar í de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Yunex: faoi rialú deiridh Edizione, forbraíonn sé éiceachórais nuálacha soghluaiseachta agus seirbhísí le haghaidh cathracha cliste;

— VVP: comhfhiontar lánfheidhme idir Brisa agus Ascendi, oibríonn sé córais leictreonacha bailithe dolaí a úsáidtear sa Phortaingéil. Oibríonn sé córas dolaí Blankenburg san Ísiltír freisin;

— Tá Ascendi faoi rialú deiridh Ardian, agus bainistíonn sé dola-bhóithre sa Phortaingéil agus tá sé gníomhach freisin in oibriú agus coinneáil bóthar, i gcórais chliste iompair; agus i mbainistiú coimhdeach cothabhála. Níl aon ghníomhaíochtaí ag Ascendi san Ísiltír faoi láthair.

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag Triangle JV: soláthar seirbhísí a bhaineann le tairiscint arna bronnadh chun tobhach ar thrucailí a thabhairt isteach ar gach mórbhealach agus ar roinnt mótarbhealaigh réigiúnacha san Ísiltír. Go háirithe, soláthróidh Triangle JV trealamh ar bord do shealbhóirí/úinéirí trucailí agus cinnteoidh sé go gclárófar gluaiseacht trucailí mar is ceart agus go mbaileofar tobhaigh mar is ceart. Beidh Triangle JV freagrach as tobhaigh a íoc leis an mbailitheoir táillí (An Ghníomhaireacht um Iompar de Bhóthar, thar ceann an Aire Bonneagair agus Bainistithe Uisce) agus áiritheoidh sé go mbeidh gach tacaíocht custaiméara lena mbaineann ar fáil trí chúloifig thiomnaithe agus ionad teagmhála do chustaiméirí a sholáthar. Ní bheidh Triangle JV gníomhach i dtógáil mótarbhealaí agus bonneagair bóthair.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11795 – YUNEX / VVP / ASCENDI / TRIANGLE JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË